

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# Junior **CYCLE** for teachers



## Gaeilge T2

Eispéireas Foghlama Gairmiúil

2020 - 2021



An Roinn Oideachais  
Department of Education



## Clár

Grafaic ar Aiseolas	Ich 3
Acmhainní don Chianfhoghlaim	Ich 4
Bileog Idirghníomhach MRB 2: An Tasc Cumarsáideach	Igh 5-7
Torthaí Foghlama	Igh 8-9
Gníomhaíocht ar Thaighde	Igh 10-11
Grafaic ar Thaighde	Ich 12
Gníomhaíocht 1 ar Phleanáil	Ich 13
Gníomhaíocht ar Mhachnamh	Igh 14-17
Gníomhaíocht 2 ar Phleanáil	Ich 18
Gníomhaíocht ar Fheasacht Teanga	Igh 19-21
Acmhainní don Mhachnamh	Igh 22-25
Machnamh sa tSonraíocht	Ich 26



## Tús an Phróisis: Conas a chuideoidh an t-aiseolas leis an scoláire?



### Am don mhachnamh



- léigh/éist
- pléigh- de threoch
- úsáid

### Formáid an aiseolais



- ó bhéal
- i scríbhinn
- go fíorúil



## Aiseolas mar Acmhainn



### Tionchar an aiseolais



- treorú nó ceartú?
- dul chun cinn an scoláire aonair

### Straitéis don aiseolas



- 2 réalt & mian
- léigh, pléigh, réidh
- eile

### Spríoc na foghlama

- Tasc

- Critéir ratha
- an chéad chéim eile



# Acmhainní don Chianfhoghlaim

## Feidhmchláir Teagaisc agus Foghlama



**Feidhmchláir Teagaisc agus Foghlama**  
Ceistneoirí / Tráthanna na gCeist

Feidhmchlár	Cur Síos	Féidearthachtaí
 <b>Socrative</b> <a href="http://www.socrative.com">www.socrative.com</a>	Is féidir ceisteanna a chur, vótaí a chaitheamh ar líne agus sonraí freagraí a fheiceáil lena linn.	Measúnú formitheach Aiseolas láithreach Páidispóireacht Talnaimh agus Iomaíocht
 <b>Mentimeter</b> <a href="http://www.mentimeter.com">www.mentimeter.com</a>	Leis an aip seo, is féidir tobairneoireacht ranga a chleamhnú agus vótaí agus ceistneoirí a chur i gcrích.	Measúnú formitheach Aiseolas láithreach Páidispóireacht Bálú eolais

**Seomraí Ranga ar Líne / An Phunann / Meithealú**

Feidhmchlár	Cur Síos	Féidearthachtaí
 <b>Seesaw</b> <a href="https://web.seesaw.me/">https://web.seesaw.me/</a>	Ríomhphunann. Is féidir leis an múinteoir gníomhaíochtaí agus measúnú a chruith.	Seomra ranga fíorúil Féinriar na scoláirí Tacú le cúrsaí eagrúcháin Bainistíú obre Ríomhphunanna Measúnú
 <b>Trello</b> <a href="http://www.trello.com">www.trello.com</a>	Is feidhmchlár i Trello a chuidíonn le tonnacáil ghruapa a eagrú.	Tacú le heagrúcháin Bainistíú obre Scléanna digiteacha Meithealú
 <b>Nearpod</b> <a href="http://www.nearpod.com">www.nearpod.com</a>	Ceachtanna idirghníomhaíochta, pleanáil agus measúnú.	Seomra ranga fíorúil Pleanáil Féinriar na scoláirí Tacú le cúrsaí eagrúcháin Bainistíú obre Ríomhphunanna Measúnú

www.jct.ie JuniorCYCLE for teachers

**Seomraí Ranga ar Líne / Punanna / Meithealú**

Feidhmchlár	Cur Síos	Féidearthachtaí
 <b>Edmodo</b> <a href="https://www.edmodo.com/">https://www.edmodo.com/</a>	Arádn don fhoghlaim ar líne. Is féidir abhar a roinnt, vótaí a chaitheamh, comhbhrú agus is féidir leis an scoláire cruasach obre a chur le chéile.	Seomra ranga fíorúil Féinriar na scoláirí Tacú le cúrsaí eagrúcháin Bainistíú obre Ríomhphunanna Comhtháthú na scléanna teanga Measúnú
 <b>Showbie</b> <a href="https://www.showbie.com/">https://www.showbie.com/</a>	Arádn don fhoghlaim ar líne. Is féidir abhar a roinnt, vótaí a chaitheamh, comhbhrú agus is féidir leis an scoláire cruasach obre a chur le chéile.	Seomra ranga fíorúil Féinriar na scoláirí Tacú le cúrsaí eagrúcháin Bainistíú obre Ríomhphunanna Comhtháthú na scléanna teanga Measúnú
 <b>Google Classroom</b>	Arádn don fhoghlaim ar líne. Is féidir abhar a roinnt, vótaí a chaitheamh, comhbhrú agus is féidir leis an scoláire cruasach obre a chur le chéile.	Seomra ranga fíorúil Féinriar na scoláirí Tacú le cúrsaí eagrúcháin Bainistíú obre Ríomhphunanna Measúnú

**Idirghníomhú Cainte**

Feidhmchlár	Cur Síos	Féidearthachtaí
 <b>Skype</b> <a href="https://www.skype.com/">https://www.skype.com/</a>	Úsáidítear Skype chun scaitheanna fuaimne agus nóíse a chur.	Idirghníomhú Cainte Comhtháthú na scléanna Úsáid na teicneolaíochta

www.jct.ie JuniorCYCLE for teachers

**Bainistíú Ranga / Aiseolas / Measúnú**

Feidhmchlár	Cur Síos	Féidearthachtaí
 <b>Addio</b> <a href="https://www.addioapp.com/">https://www.addioapp.com/</a>	Dialann mhúinteora; linneamh, iompar, measúnú srl.	Tacú le cúrsaí eagrúcháin Talfead
 <b>TeacherKit</b> <a href="https://www.teacherkit.net/">https://www.teacherkit.net/</a>	Dialann mhúinteora; cúrsaí linneamh, iompar, measúnú srl.	Tacú le cúrsaí eagrúcháin Talfead
 <b>Student Callout</b> <a href="https://www.teacherkit.net/student-callout/">https://www.teacherkit.net/student-callout/</a>	Gabhann an aip seo le TeacherKit thuas. Is féidir leis an múinteoir dún sa rang-ghrúpa a roghnú go randamach.	Measúnú formitheach Roghnú randamach Ceistúcháin
 <b>Decide Now</b> <a href="https://www.decidenow-app.com/">https://www.decidenow-app.com/</a>	Roth na cinneána atá i gceist le Decide Now. Is féidir leis an múinteoir scoláire ceist/réiteas agus freagraí féidearthachtaí a chruithú agus an roth a chur ar casadh go dtí go stadann sé ar rgha amháin.	Roghnú randamach Ceistúcháin
 <b>Doceri</b> <a href="https://doceri.com/">https://doceri.com/</a>	Scléidín idirghníomhaíochta atá i gceist le Doceri a ligean don mhúinteoir an obair atá ar bun a thaispeáint beo leis an ostéleoir agus a thalfead le roinnt leo.	Tacú le cúrsaí eagrúcháin Talfead Seomra ranga fíorúil Féinriar na scoláirí

www.jct.ie JuniorCYCLE for teachers

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
**JuniorCYCLE**  
for teachers

## Feidhmchláir Teagaisc agus Foghlama



[www.explaineverything.com](http://www.explaineverything.com)




[www.post-it.com](http://www.post-it.com)



[www.classdojo.com](http://www.classdojo.com)









[www.screencast-o-matic.com](http://www.screencast-o-matic.com)
















An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
**JuniorCYCLE**  
for teachers








## MRB 2: An Tasc Cumarsáideach (T2)

<b>Léargas Ginearálta</b>	<p>Baineann <b>MRB 2: An Tasc Cumarsáideach</b> le cur i láthair beo a dhéanamh os comhair ranga. Is ar chumas labhartha agus idirghníomhaithe an scoláire a léiriú atá an bhéim. Tarlaíonn an obair ar fad do MRB 2 i ngnátham ranga!</p> <p>Roghnaíonn an scoláire ábhar / topaic / saincheist ina bhfuil spéis aige. Tugann an scoláire faoi thaighde agus faoi ullmhúchán taobh istigh de thréimhse trí seachtaine. Déanann an scoláire an Tasc Cumarsáideach a chur i gcrích le tacaíocht agus treoir óna mhúinteoir. Ní mór na treoirínte a léamh ag an nasc <a href="#">anseo</a>. Is í úsáid laethúil agus leanúnach na teanga, mar aon le rannpháirtíocht rialta i ngníomhaíochtaí / dtascanna cumarsáide taitneamhacha laistigh agus lasmuigh den seomra ranga ón gcéad bhliain ar aghaidh, an t-ullmhúchán is éifeachtaí don Mheasúnú Rangbhunaithe seo.</p>	 	
<b>Dátaí Tábhachtacha do MRB 2 do Chohórt Scoláirí 2018–2021 (scoláirí an tríú bliain 2020/2021)</b> 	<b>Dé hAoine, 12 Márta 2021</b>	An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	
	<b>Dé hAoine, 19 Márta 2021</b>	An dáta deiridh ar a mbronnfaidh an múinteoir tuairiscíní sealadacha	
<b>Dé hAoine, 26 Márta 2021</b>	An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairiscíní deiridh ar scoláirí		
	Lean an nasc <a href="#">anseo</a> chun an doiciméad a léamh.		
<b>Formáidí</b>	<p>Bíonn saoirse ag an scoláire formáid a thaitníonn leis féin a roghnú. Bíonn béim ar an idirghníomhú cainte agus ar an labhairt i ngach formáid.</p> <p><b>Taispeántas</b> - Léiríonn an scoláire píosa gairid a chum sé féin, dán, amhrán, píosa drámaíochta, scéal san áireamh</p> <p><b>Cur i láthair</b> - Roghnaíonn an scoláire ábhar spéise / topaic / saincheist agus déanann sé cur i láthair faoi ag úsáid a rogha meán agus frapaí</p> <p><b>Agallamh</b> - Glacann an scoláire ról an agallóra agus / nó ról an fhreagróra</p> <p><b>Comhrá mar fhreagairt ar ábhar spreagthach</b> - Roghnaíonn an scoláire ábhar spreagthach .i. íomhá, téacs scríofa, píosa físe gairid, cluastéacs, a spreagann é chun dul i mbun cainte faoi.</p> <p><b>Ról-imirt</b> - Roghnaíonn an scoláire tabhairt faoi chás ról-imeartha, cás faoi leith a phlé (comhrá le cara, coinne a dhéanamh agus araile) nó ról duine eile a ghlacadh (agallóir teilifíse, réalta spóirt agus araile).</p> <p><i>Níl na formáidí teoranta dóibh sin a luaitear thuas. (T2: Ich. 18)</i></p> <p>Tá físeán de chuid CNCM ina bhfuil tuilleadh eolais ar na formáidí ar fáil <a href="#">anseo</a>.</p>		 

<b>MRB 2: Samplaí de shaothar scoláirí ar shuíomh CNCM</b>	Tá samplaí de shaothar scoláirí do MRB 2: An Tasc Cumarsáideach, T2, foilsithe ag CNCM ar an suíomh <a href="http://www.curriculumonline.ie">www.curriculumonline.ie</a> . Chun teacht ar na samplaí, is gá logáil isteach le do chuntas chun na samplaí agus na nótaí tráchta ina leith a aimsiú. Cabhraíonn na nótaí tráchta le tuiscint an mhúinteora ar an gcaighdeán atá i gceist leis na Gnéithe Cáilíochta a fhorbairt. Úsáid an nasc thíos chun teacht ar na samplaí: <a href="#">Samplaí de shaothar scoláirí MRB 2 T2</a> Ní mór uimhir Chomhairle Múinteoireachta a bheith agat chun cuntas a chruthú.	
<b>Fisghabhálacha Scáileáin</b> 	Mar thacaíocht is féidir breathnú siar ar na fisghabhálacha scáileáin seo a leanas atá ar fáil ar rannán Gaeilge an tsúimh gréasáin <a href="http://www.jct.ie">www.jct.ie</a> <ul style="list-style-type: none"><li>• <a href="#">MRB 2: An Tasc Cumarsáideach</a></li><li>• <a href="#">MRB 2 &amp; An Tasc Measúnaithe</a></li></ul>	
<b>Obair aonair nó ghrúpa</b> 	Bíonn rogha ag scoláirí obair ina n-aonar/ i mbeirteanna nó i ngrúpaí, a fhad is atá ról cinnte ag gach uile dhuine sa ghrúpa. Déanfar measúnú ar gach scoláire mar dhuine aonair fiú más cur i láthair grúpa atá ann.	
<b>Fad an Taisc</b> 	Mar threoir, beidh idir trí agus ceithre nóiméad ag an scoláire an tasc cumarsáideach a chur i láthair an ranga, am do cheisteanna an mhúinteora san áireamh. Maidir le tasc beirte nó grúpa, ba chóir go mairfeadh an Tasc Cumarsáideach sách fada chun deis a thabhairt do gach scoláire ról fiúntach a bheith aige agus a chuid scileanna labhartha agus idirghníomhaithe a léiriú.	
<b>Idirghníomhú Cainte</b>  <b>Ceisteanna an mhúinteora</b>	Bíonn ar an scoláire freagairt do cheisteanna an mhúinteora d'fhonn an tasc seo a chur i gcrích. ( <i>TreoirInte, T2: lch. 20</i> ). Mar a luaitear sna treoirInte tá an t-idirghníomhú ó bhéal agus an éisteacht lámach anseo.	
<b>An Litríocht mar spreagthach do MRB 2</b> 	Más spéis leis an scoláire tarraingt ar fhoinní litríochta mar spreagthach dá thopaic / shaincheist is féidir téacsanna ó liosta litríochta an dara / tríú bliain a úsáid.  T2 <a href="#">Imlitir 0036/2018</a> & <a href="#">Imlitir 0069/2018</a>	
<b>An Nóta Machnamhach do MRB2</b> 	Tabharfaidh an scoláire cuntas ar a ról féin sa tasc sa nóta seo agus ar an ábhar nó na foinsí a d'úsáid sé agus é ag ullmhú don tasc. Déanann an scoláire cur síos ar na rudaí a chuidigh leis agus é ag ullmhú don tasc, na rudaí a d'fhoghlaim sé faoin teanga agus é ag tabhairt faoin tasc agus gné amháin a thuigeann sé go gcaithfidh sé díriú isteach uirthi anois. Is gá do gach scoláire a nóta machnamhach féin a líonadh isteach fiú má tá sé ag comhoibriú le scoláire eile nó le grúpa scoláirí ar an tasc seo. Tá an teimpléad do MRB 2 <b>éagsúil</b> ón teimpléad do MRB 1 agus tá sé ar fáil sna treoirInte ( <i>T2: lch. 31</i> ).	



<b>Pleanáil</b>	<p>Smaoiníonn an scoláire ar na nithe seo a leanas agus é ag machnamh ar an ábhar a roghnóidh sé:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• An bhfuil spéis agam san ábhar seo?</li><li>• Conas a éireoidh liom spéis an spriocghrúpa (mo chomhscoláirí agus mo mhúinteoir) a mhealladh agus mé i mbun cumarsáide?</li><li>• An bhfuil mé in ann cloí leis an am atá ar fáil dom chun mo chur i láthair a dhéanamh?</li></ul> <p>Moltar 'Comhairle don scoláire' (<a href="#">T2</a>: lgh. 22+23) a chur ar fáil do scoláirí agus a phlé leo sa rang le cinntiú go dtuigeann na scoláirí a bhfuil i gceist leis an Tasc Cumarsáideach.</p>	
<b>Fócas ar thrí scil</b>	<p>Ba chóir na Gnéithe Caillochta do MRB 2 (<i>Treoirinte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe</i> <a href="#">T2</a>: lch. 24) a phlé leis na scoláirí le linn na tréimhse seo<sup>1</sup> chun treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh roimh ré</p> <p>Sa mheasúnú ar an Tasc Cumarsáideach, díritear ar thrí scil i leith na cumarsáide: <b>caighdeán na cumarsáide</b>: stór focal ábhartha agus fuaimniú san áireamh; <b>tuiscint ar an spriocghrúpa / lucht éisteachta</b>, agus an scoláire ag labhairt agus ag freagairt ceisteanna; <b>feasacht agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga</b>, agus tabhairt faoin bhféincheartú nuair agus mar is gá.</p>	
<b>Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)</b> 	<p>Chun tacú libh ullmhú don chruinniú Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), is féidir breathnú (siar) ar na físghabhálacha scáileáin seo a leanas atá ar fáil ar rannán Gaeilge an tsuímh gréasáin SSM <a href="http://www.jct.ie">www.jct.ie</a>.</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• <a href="#">MRB 2: An Tasc Cumarsáideach</a></li><li>• <a href="#">MRB 2 &amp; An Tasc Measúnaithe</a></li><li>• <a href="#">Cur Chuige don Chruinniú AFMÁ</a></li></ul>	
<b>Tuairisciú</b>	<p>Úsáidtear tuairiscíní chun gnóthachtáil sa MRB a thuairisciú do thuismitheoirí / chaomhnóirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. (<a href="#">T2</a>: lch. 26)</p>	

Is doiciméad eolais idirghníomhach atá anseo agus ní ghlacann sé áit na dTreoirinte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe.

Tá an fhéidearthacht ann go ndéanfar leasuithe ar chuid den ábhar a aimsítear trí na hipearnaisc.

<sup>1</sup> Cohórt Scoláirí 2018–2021 (scoláirí an tríú bliain)

Cé gur ceapadh Measúnuithe Rangbhunaithe le bheith ar siúl faoi threoir an mhúinteora i gcomhthéacs an tseomra ranga, tá solúbthacht ag scoileanna sa scoilbhliain 2020/21, i bhfianaise cúinsí athraitheacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, chun tacú leis an scoláire Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh ar scoil agus/nó go cianda.

<sup>2</sup> Tréimhse trí seachtaine de réir an tráthchláir náisiúnta a fhoilsítear ar líne ar shuíomh CNCM

# Torthaí Foghlama T2

## SNÁITHE 1: CUMAS CUMARSÁIDE

**Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:**

### GNÉ: Éisteacht

- 1.1 príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide Gaeilge bainteach leis an ngnáthshaol a thuiscint chomh fada is atá an chaint ar ghnáthluas agus soiléir
- 1.2 sonraí áirithe ar ghnáthnithe coitianta sa chaint a aithint
- 1.3 léiriú ar thaitneamh a bhaint as éisteacht le Gaeilge
- 1.4 ábhar agus foinsí éisteachta a roghnú agus a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
- 1.5 canúintí na Gaeilge a aithint

### GNÉ: Léamh

- 1.6 úsáid a bhaint as raon straitéisí díchódaithe cuí
- 1.7 príomhshonraí a bhaineann le gnáthnithe coitianta a aithint i dtéacsanna\* Gaeilge
- 1.8 príomhtheachtaireachtaí a bhaint as téacsanna\* Gaeilge a bhaineann leis an ngnáthshaol
- 1.9 taitneamh a bhaint as téacsanna\* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt
- 1.10 téacsanna\* dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh

### GNÉ: Labhairt

- 1.11 teachtaireachtaí pearsanta cumarsáide a chur in iúl a bhaineann leis an ngnáthshaol
- 1.12 téacsanna ó bhéal a chruthú, a chur i láthair ina aonar agus/nó mar bhall de ghrúpa agus tuiscint a léiriú ar lucht éisteachta
- 1.13 focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn
- 1.14 taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge
- 1.15 a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin
- 1.16 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh faoin méid atá cloiste aige
- 1.17 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh bunaithe ar théacsanna\* ábhartha Gaeilge
- 1.18 tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leis féin

### GNÉ: Idirghníomhú cainte

- 1.19 idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobal na scoile)
- 1.20 freagairt do theachtaireachtaí gan choinne le linn comhrá
- 1.21 cumarsáid a choimeád sa siúl agus déileáil le deacrachtaí tuisceana
- 1.22 soiléiriú nó athrá a lorg
- 1.23 eolas a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú
- 1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

### GNÉ: Scríobh

- 1.25 téacsanna ábhartha a chumadh (ríomhphoist, blaganna, cuntais, téacsanna cruthaitheacha agus téacsanna ilmhódacha) le tuiscint ar lucht a léite
- 1.26 dréachtú, léamh siar agus athdhréachtú a dhéanamh
- 1.27 teachtaireachtaí scríofa a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
- 1.28 tuairimí pearsanta a chur in iúl agus a mhíniú
- 1.29 freagairt phearsanta do théacsanna\*



# Torthaí Foghlama T2

## SNÁITHE 2: FEASACHT TEANGA AGUS CHULTÚRTHA

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

### GNÉ: Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras

- 2.1 difríochtaí suntasacha ó thaobh gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas a sheachaint
- 2.2 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint
- 2.3 patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail, srl., a aithint agus a úsáid
- 2.4 litriú agus poncaíocht cheart a aithint agus a úsáid
- 2.5 taifead a choinneáil ar dhúshláin phearsanta a bhaineann le cruinnúsáid na teanga trí bhlag foghlama pearsanta a chruthú

### GNÉ: Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga

- 2.6 gné(íthe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach
- 2.7 tionscnaimh/cur i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

### GNÉ: Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais

- 2.8 cosúlachtaí agus difríochtaí idir phobail ilteangacha a fhiosrú
- 2.9 a aistear pearsanta féin i dtreo an ilteangachais a léiriú

## SNÁITHE 3: FÉINFHEASACHT AN FHOGHLAIMEORA

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

### GNÉ: Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaim teanga

- 3.1 stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama a fhorbairt sna scileanna ar fad chun cur leis an bhfoghlaim éifeachtach
- 3.2 úsáid a bhaint as aiseolas mar fhoghlaim chun aidhmeanna foghlama pearsanta a leagan amach

### GNÉ: Ag forbairt na foghlama féinriair

- 3.3 cinní neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh
- 3.4 féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn
- 3.5 aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama
- 3.6 acmhainní teanga a úsáid (foclóirí agus ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.)

### GNÉ: Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga

- 3.7 tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith fhoghlaim na teanga
- 3.8 aidhmeanna foghlama pearsanta a úsáid

# Gníomhaíocht : Obair Ghrúpa (8 Nóiméad)

- Féach ar an ábhar féideartha do thionscnamh nó roghnaigh ábhar eile
- Cuir ord féideartha ar na boscaí a bhaineann le próiseas an taighde ar an gcéad leathanach eile.
- Beidh **8 nóiméad** agat anois chun tabhairt faoi i seomra scartha.
- Ceap urlabhraí chun an t-eolas a roinnt ina dhiaidh.



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
JuniorCYCLE  
for teachers

G

## Féidearthacht do Thionscnamh bunaithe ar chaitheamh aimsire

### Rogha don Tasc a thugtar don scoláire

- ❖ Póstaer bunaithe ar do rogha caitheamh aimsire a chur le chéile.
- ❖ Píosa cainte bunaithe ar an gcaitheamh aimsire sin
- ❖ Blag ilmhódach
- ❖ Taighde i bhfoirm ailt do nuachtlitir na scoile

Scileanna taighde a fhorbairt


An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
JuniorCYCLE  
for teachers

# Céimeanna sa Taighde

## Próiseas / cur chuige féideartha



# Tionscnamh ar chaitheamh aimsire





# Ag tabhairt faoi Thaighde

Cainteoirí dúchais  
Leabhair Eile  
Foinsí  
Foclóir  
Podchraoltaí  
Acmhainní Teanga  
Suíomhanna gréasáin

## Cad is Taighde ann?

### Miontaighde go laethúil

- Píosaí beaga taighde
- Eolas a lorg nó a shoiléiriú
- Focal/ frása a chuardach
- Brí a thuiscint nó a dheimhniú
- Foinsé eile a úsáid

### Mórthaighde go tráthrialta

- Píosaí móra taighde
- Ábhar/topaic a fhiosrú
- Tionscnamh a chur le chéile
- Leathnú amach ar obair eile
- Foinsí éagsúla a scagadh

## Ag dul i mbun mórthaighde

*Ábhar taitneamhach/suimiúil duit féin a roghnú i gcónaí*

- Cén ghné den topaic/ábhar a dhíreoidh tú air?
- Cén t-eolas atá de dhíth agus conas a bhaileoidh tú é?
- An mbeidh tú ag obair leat féin nó mar chuid de ghrúpa?
- Cad iad na foinsí éagsúla gur féidir leat a úsáid?
- Cén chuid den eolas a fuair tú ón taighde gur spéis leat a úsáid?
- An bhfuil ord agus eagar ar an ábhar atá roghnaithe agat?
- An bhfuil tú sásta le do chuid taighde- déan machnamh air?



## Torthaí mo chuid Taighde


- Cad atá foghlamtha agam mar thoradh ar mo chuid taighde?
- Cén t-eolas, scileanna agus tuiscintí nua atá agam anois?
- An bhfuil léargas nua forbartha agam?
- Cén fhormáid a roghnóidh mé chun conclúidí mo chuid taighde a chur in iúl?

## Gníomhaíocht 1: Pleanáil

# Treoracha



- Ar dtús, féachaimís ar an bhfísghabháil scáileáin bunaithe ar theimpléad pleanála idirghníomhach agus ar cheann amháin de na taifid ar an scannánaíocht nó ar an amhránaíocht. Fad is atá tú ag féachaint orthu, breac síos nótaí ina leith. (Nasc sa Chomhrá) [20 nóiméad]
- Ag smaoineamh ar an taifead agus ar an bhFísghabháil Scáileáin, breac síos **trí rud nua** a d'fhoghlaim tú, **dhá rud** atá spéisiúil duit agus **ceist amháin** atá tú ag iarraidh a phlé leis an ngrúpa.
- Pléigh le do ghrúpa iad (5 nóiméad) agus ansin roinn aiseolas leis an mórghrúpa



Pleanáil Roinne

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
JuniorCYCLE  
for teachers

### Spás don 3-2-1

### Gníomhaíocht 1: S3

Gníomhaíocht Aonair

Achar Ama: 5n

Léitheoireacht

- Léigh an sampla Roinn B Ceist 3(a) ar lch 16
- Tá an sampla Roinn A Ceist 2(a) a bhí mínithe ar an VideoScribe ar lch 15, más mian leat é a léamh arís

### Gníomhaíocht 2: S3

Gníomhaíocht Ghrúpa i Seomra Scartha

Achar ama: 15n

Obair Ghrúpa

Mar ghrúpa:

- Léigh na ceisteanna sna boscaí gorma atá sa leabhrán ar lgh 15-17
  - Roghnaigh ceist ina chuireann sibh suim
  - Léigh agus pléigh an cheist mar ghrúpa
  - Cum/Ceap leideanna machnaimh féideartha agus nathanna machnaimh féideartha mar ghrúpa. Tá spás do do smaointe sna boscaí cuí
- ❖ Is iad an plé agus an comhrá a bheidh eadraibh na rudaí is tábhachtaí sa ghníomhaíocht seo
  - ❖ Má tá am agaibh is féidir libh ceist (bosca eile) eile a roghnú agus an rud céanna a dhéanamh

### Gníomhaíocht 3: S3

Gníomhaíocht Aonair

Achar Ama: 3n

Machnamh

- Déan machnamh ar na léargais a fuair tú ón ngníomhaíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar do chleachtas
- Breac síos na féidearthachtaí sa bhosca thíos



Roinn A  
Ceist 2  
(a)

Mínigh bealach amháin inar chabhraigh an Tasc Cumarsáideach seo le d'fhoghlaim teanga.

TF

**3.1, 3.4, 3.6, 3.8**

#### Leideanna Machnaimh Féideartha

- Ar fhoghlaim tú stór focal nua? Conas?
- Ar fhoghlaim tú riail gramadaí? Cérbh é?
- An bhfuil gné /scil éigin den teanga forbartha agat?
- Ar tháinig máistreacht ar ghné éigean de do chuid teanga?

#### Nathanna Machnaimh Féideartha

- D'fhoghlaim mé stór focal nua bunaithe ar *chispheil* mar d'úsáid mé foclóir cuí
- D'fhoghlaim mé cuid de na rialacha faoi na briathra san Aimsir Chaite mar shampla séimhiú, urú, ní/níor, an/ar
- Tuigim an aidiacht shealbhach agus seilbh anois mar fuair mé aiseolas ón múinteoir
- Tuigim nach ionann dul na teanga sa Ghaeilge agus i mBéarla mar gheall ar aiseolas a fuair mé

Roinn A  
Ceist 2  
(b)

Mínigh cad a dhéanfa ar bhealach difriúil an chéad uair eile duit tasc cumarsáideach a chruthú?

TF

**3.1, 3.2, 3.3, 3.4**

#### Leideanna Machnaimh Féideartha

#### Nathanna Machnaimh Féideartha

Roinn B  
Ceist 3  
(a)

An chaoi ar úsáid mé cumarsáid éifeachtach a bhí oiriúnach don spriocghrúpa.

TF

3.3, 3.5

#### Leideanna Machnaimh Féideartha

- Ar thug tú faoi deara agus ar cheartaigh tú aon teanga mhíchruinn a bhí in úsáid agat?
- An raibh do chumarsáid nádúrtha le linn an taisc?
- Ar bhain tú úsáid as stór focal ábhartha don spriocghrúpa?
- Ar thapaigh tú an deis idirghníomhú agus cumarsáid a dhéanamh le do mhúinteoir/ le scoláirí sa rang agus/nó sa scoil, cainteoirí sa phobal teanga lasmuigh den scoil?

#### Nathanna Machnaimh Féideartha

- Nuair a bhí mé ag labhairt os comhair mo ranga, rinne mé cúpla botún agus cheartaigh mé mé féin
- D'ardaigh agus d'ísligh mé mo ghuth agus labhair mé ar luas nádúrtha dom. Bhain mé úsáid as Gaeilge shimplí chruinn
- Bhain mé úsáid as stór focal oiriúnach agus ábhartha don spriocghrúpa
- Bhain mé sult as an idirghníomhú nuair a chuir an múinteoir ceisteanna orm ag an deireadh. Bhain mé agus na scoláirí eile taitneamh as. Bhí a fhios agam mar thug siad bualadh bos dom ar deireadh.

Roinn A  
Ceist 2  
(b)

An chaoi ar chabhraigh píosa aiseolais áirithe le m'fhoghlaim teanga.

TF

3.1, 3.2, 3.3, 3.4

#### Leideanna Machnaimh Féideartha

#### Nathanna Machnaimh Féideartha

Roinn B  
Ceist 3  
(c)

An chaoi ar tháinig forbairt ar mo chruinneas i bhfuaimniú focail Ghaeilge.

TF

**3.1, 3.3, 3.4, 3.5**

Leideanna Machnaimh Féideartha

Nathanna Machnaimh Féideartha

Roinn A  
Ceist 2  
(d)

An chaoi ar chabhraigh idirghníomhaíocht le húsáideoirí teanga eile le m'fhoghlaim teanga.

TF

**3.1, 3.3, 3.4**

Leideanna Machnaimh Féideartha

Nathanna Machnaimh Féideartha



# G Foghlaim chéimneach: Filíocht Féidearthacht

### Ar dtús:

**Taitneamh:** An dtaitníonn sé leat? Cén fáth?

**Stór focal:** dán, teideal, file, véarsa, siombail, meafair, téama,

**Friotal:** simplí nó casta, gonta nó saibhir, sean nó nua-aimseartha

**Cúlra an dáin:** céard a spreag an file chun dul i mbun pinn (cuimhne nó eachtra nó cúlra/saol an fhile)

**Suíomh an dáin:** áit ar leith nó samhlaíocht an fhile

### Ansin:

#### Mothúcháin:

- grá / grá éagmaise
- gliondar / moladh / ceiliúradh
- brón / cáineadh / uaigneas
- bás / briseadh croí

#### Teicnící éagsúla

Íomhánna: Cad iad & an ról atá acu

Siombail: an tábhacht/ciall a bhaineann leo

### Ina dhiaidh sin:

**Stíl:** Struchtúr nó saorvéarsaíocht (TF 2.4: poncaíocht) Rím, rithim luas mall nó sciobtha? Comhardadh

**Cinéal:** Dán grá, dán dúlra, dán pearsanta

**Téama:** teachtaireacht an dáin a aithint & fianaise a lorg mar thaca

**Freagairt phearsanta**

**Cumadóireacht:** Dán a scríobh?

## Liricí: Solas le Seo Linn

Is minic triail a d'fhan liom le fada 'na dhiaidh  
'Dá mhéad an stró 'sea 's fhearr na ceachtanna'  
Tá mé ag siúl liom gan beann orm féin ná'r mo threo  
Anois caithfidh mé tiontú 's filleadh ar ais chun bairr

Seod an lá

A leagadh amach dom, rith liom i gcónaí im chroí  
Agus tá

An solas ag titim, ag síleadh anuas ar an aoibh

B'í an lasair im chroí a spreag dom an tseanmhian,  
Meangadh machnaimh 's mé i bhfolach ann  
D'fhág mé an lorg ar lár an lá sin a rith mé  
"Bíodh leat 's ná lean an té a lean..."

Seod an lá

A leagadh amach dom, rith liom i gcónaí im chroí

Agus tá

An solas ag titim, ag síleadh anuas ar an aoibh

Oh no ná bí ann – ins an dorchacht

Oh no ná bí ann – ins an bhforaois

Oh no ná bí ann – ins an dorchacht

Oh no ná bí ann – ins an bhforaois

Oh no ná bí ann...

## Treoracha don Seomra Scartha

G

### Ag foghlaim go céimneach: Amhránaíocht

Ar dtús...

Ansin...

Ina dhiaidh sin...

An tSraith Stairiúil do Mhionúir  
JuniorCYCLE  
for teachers

- Ar dtús, féach ar an teimpléad seo.
- Pléigh do thuairimí leis na daoine eile sa seomra scartha i leith choincheapa an amhráin.
- An féidir libh aontú ar na coincheapanna a shíleann sibh atá le sonrú san amhrán seo maidir leis an bhfoghlaim chéimneach?
- Bíodh urlabhraí roghnaithe agaibh chun aiseolas a thabhairt agus maor ama ceaptha agaibh chun cúrsaí ama a láimhseáil.
- Tiocfaidh teachtaireacht ama ar an scáileán (tar éis 6-7 nóiméad) nuair is gá teacht ar ais chuig an mórghrúpa.

# Gníomhaíocht: An Fheasacht Teanga

## Quick Pick

‘Emmet?’

D’ardaigh Emmet a chloigeann agus d’fhéach go leamh ar an té a bhí ag cur cainte air agus é i mbun urlár an mhionmhargaidh a scuabadh.

‘Emmet! Shíl mé gur tú a bhí ann!’ arsa an bhean óg.

Sheas Emmet suas díreach, réitigh na spéaclaí ar a shrón agus d’fhéach sé go grinn uirthi. Bean sheang dhea-chumtha a bhí os a chomhair amach, cóta lánfhada a raibh bóna fionnaidh air á chaitheamh aici. An raibh aithne aige uirthi? Arbh í seo Saoirse? Nó Fionnuala? Éimear, b’fhéidir? Cárbh as di fiú?

‘Aoife! Ó Mheánscoil Chaoimhín!’ ar sí, agus aoibh an gháire uirthi go fóill. ‘Bhíomar sa rang Fíisce le chéile!’

Ní raibh aon chuimhne ag Emmet ar Aoife ar bith a bheith sa rang fíisce leis. Ní nach ionadh nuair a bhí a chloigeann sáite i gcónaí i gcúrsaí ríomhaireachta agus analíse. Bhí cuimhne ag an gcailín dathúil seo air siúd áfach. Chlaon sé ar an scuab agus rinne lagiarraicht meangadh beag gáire a chur ar a aghaidh. Níor theastaigh uaidh ligean air féin go raibh dearmad glan déanta aige uirthi.

‘Aoife, ar ndóigh! Tá cuma dhifriúil ort – dath na gréine ort – agus dath do ... do chuid gruaise níos ... níos gile ná mar a bhí sí, sílim?’

‘Tá! Mar táim díreach tar éis filleadh ó Lake Tahoe! Ag obair go páirtaimseartha mar gharda tarrhála a bhí mé ann. Áit aoibhinn ar fad is ea é – an ghrian ag scoilteadh na gloch gach uile lá den tseachtain! Ag tabhairt aghaidh ar Thrá Bondi i gceann coicise eile a bheidh mé. Tá an-sceitimíní orm faoi sin!’

‘Ní fheadar cad chuige ar tháinig tú ar ais chuig an dumpa seo in aon chor mar sin?’ arsa Emmet, pas beag searbhach. Is amhlaidh a chuir dea-scálta eachtraíochta dhaoine eile ocló air.

Níor thóg Aoife aon cheann den leadrán a bhí air. ‘Óíche na n-iarcoláirí ar siúl an tseachtain seo chugainn gan amhras! An mbeidh tú ann? Samhlaigh – tá deich mbliana curtha dinn againn ó bhíomar ar scoil!’

‘Ní bhfuairas cuireadh.’

Dhearg Aoife. Bhí a béal ar leathadh agus í ag lorg rud éigin le rá nuair a bhris scanbhean isteach orthu.

‘An mbeadh a fhios ag ceachtar agaibhse cá bhfuil an snasán troscáin? Táthar tar éis gach rud a athrú timpeall arís sa siopa. Ní féidir liom teacht ar rud ar bith.’

Chrom Emmet síos, d’áimsigh canna snasáin agus shín chuici é.

‘Buíochas,’ arsa an tseanbhean agus bhailigh sí léi síos an pasáiste.

Dhírigh Emmet ar Aoife an athuair. Bhí sí fós ag bladar léi mar gheall ar oíche na n-iarcoláirí. ‘Beimid ag bualadh le chéile sa chathair le haghaidh cúpla deoch. Seans nach raibh a fhios ag daoine go raibh tú fós timpeall na háite!’

‘Tháinig siad ortsa agus tú breis is ocht míle ciliméadar ón áit seo.’

# Gníomhaíocht : Obair Aonair (5 Nóiméad)

**Ábhar le plé** *Aimsigh nathanna a léiríonn gnéithe difriúla den Fheasacht Teanga agus déan machnamh ar na féidearthachtaí teagaisc agus foghlama eile a bhaineann leis an dá leathanach ón ngearrscéal 'Quick Pick' ó Orna Ní Choileáin ar lch 19 sa leabhrán.*



## **Obair aonair (5 nóiméad)**

- Léigh an dá leathanach ó Quick Pick ar lch 19 sa leabhrán
- Líon isteach an ghreille ar lch 21 sa leabhrán



# Gníomhaíocht : Obair Ghrúpa (7 Nóiméad)

## **Obair ghrúpa (7 nóiméad)**

- Cuirfear i seomra scartha tú.
- Ceap urlabhraí chun aiseolas a thabhairt.
- Pléigh na féidearthachtaí teagaisc agus foghlama leis an ngrúpa beag.
- Tíocfaidh teachtaireacht ama ar an scáileán nuair is gá teacht ar ais chuig an mórghrúpa **chun aiseolas ó na grúpaí a roinnt.**



# An Fheasacht Teanga



## Stór Focal / Nath a léiríonn cruinneas / saibhreas (1.6, 1.15)

D'ardaigh Emmet a **chloigeann**

Tá cuma dhifriúil **ort**- dath **na gréine** ort

Bhí a **béal ar leathadh**

## Feasacht teanga

(2.1 & 2.3)

a + séimhiú

Tá 'cuma' baininsneach

Sa Ghaeilge bíonn cuma ar dhuine

Nath sa tuiséal ginideach: dath na gréine

'ar leathadh' – go deas seachas 'ar oscailt' nuair atá béal i gceist

## Aidhm phearsanta

(3.8)

Úsáidfídh mé an riail ghramadaí seo i mo chaint/scríobh féin

Cuirfidh mé 'cuma' agus 'grian' leis an liosta d'fhocail bhaininsneacha atá ar eolas agam

Úsáidfídh mé é seo i scéal de mo chuid féin.

# An Fheasacht Teanga

## Stór Focal / Nathanna a léiríonn cruinneas / saibhreas

Foinse = téacs litríochta ó bhéal


## Feasacht teanga

*An chuid den fheasacht teanga ina gcuireann sé spéis*

## Aidhm Phearsanta

*Socraíonn an scoláire ar an aidhm phearsanta atá aige mar gheall ar an rud atá foghlamtha aige*





## Ceisteanna/Spreagthaigh don mhachnamh

### Obair Ghrúpa

Cén ról a bhí agat san obair ghrúpa?

Nuair a bhíonn ról ar leith agat, an gcabhraíonn sé leat foghlaim?

Céard a thaitín leat faoin gcaoi ar chuir tú le hobair an ghrúpa?

Céard a d'fhoghlaim tú ó bheith ag obair i ngrúpa?

### Féinriar

Conas a d'éirigh leat cur le do chumas cumarsáide san aonad foghlama seo? Conas atá a fhios agat?

Ar sháraigh tú aon dúshlán san aonad foghlama seo? Conas?

Cén aidhm(eanna) foghlama pearsanta a bhí agat san aonad foghlama seo?

Léirigh cén chaoi ar éirigh leat aidhm foghlama ar leith a bhaint amach.

### Aistear foghlama pearsanta

Tabhair sampla den dul chun cinn atá déanta agat.

Cad is féidir leat a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcéad iarracht eile?

Céard/Cé a chuideodh leat san iarracht sin?

Cad atá foghlamtha agat faoi do stíl phearsanta foghlama féin?

Céard iad na straitéisí foghlama ar leith a thaitníonn leat agus a chabhraíonn leat foghlaim?

### Feasacht

Cén léargas atá faighte agat ar chultúr/thraidisiúin na Gaeilge?

Cén tuiscint nua a d'fhorbair tú faoi struchtúr na Gaeilge (m.sh. patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail srl.)?

Déan cur síos ar na Príomhscileanna (scileanna teicneolaíochta san áireamh) a d'fhorbair tú san aonad seo.

Cad iad na cosúlachtaí agus difríochtaí a aithníonn tú idir an Ghaeilge agus teanga ar bith eile?

*Ní liosta uileghabhálach é seo. Is moltaí iad na ceisteanna/spreagthaigh seo chun tacú le foghlaim an scoláire.*





## Cuir Chuige don Mhachnamh

CINEÁL NA CUMAR SAIDE	CUIR CHUIGE	NATHANNA MACHNAIMH FÉIDEARHTHA
<p>Múinteoir/ Scoláire</p> <p><b>Trasna na Tairisí</b></p> <p><i>Straitéis imeachta is ea í seo.</i></p> <p>Cuireann an múinteoir ceist ar na scoláirí sula bhfágann siad an seomra nó iarrann sé orthu nóta gairid a scríobh ar post-it a chrochann siad ar an doras ar an mbealach amach dóibh.</p>	<p><b>Trasna na Tairisí</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i></p> <p>Cad a d'fhoghlaim tú sa rang inniu? / Céard é an rud is mó a thaitin leat sa rang inniu?</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>D'fhoghlaim mé cúig fhocal nua sa rang seo.</li> <li>Tá mé in ann cur síos a dhéanamh ar thréithe carachtair anois.</li> <li>Inniu fuair mé amach conas daoine a chomhaireamh.</li> <li>Rinne mé iarracht stór focal nua a úsáid in obair bheirte le mo pháirtí.</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>Mar obair bhaile, táim chun an stór focal nua a scríobh i mo loga foghlama.</li> <li>Ba mhaith liom a thuilleadh a fhoghlaim faoi seo amárach.</li> <li>Tá mé chun na briathra san aimsir chaite a chleachtadh arís.</li> </ul>
<p>Múinteoir/ Scoláire</p> <p><b>Soilse Tráchtá</b></p> <p>Iarrann an múinteoir ar na scoláirí a léiriú dó/dí an dtuigeann siad an méid a rinneadh sa rang:</p> <p>Glas = Thuig go maith; Oráiste = Thuig mé cuid de; Dearg = Níor thuig mé é</p>	<p><b>Soilse Tráchtá</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i></p> <p>An dtuigeann tú an méid a rinneamar sa rang inniu?</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá mé iomlán cinnte conas an aimsir láithreach a úsáid anois.</li> <li>Tuigim go maith an rud a rinne an múinteoir linn. Bhí sé éasca dom.</li> <li>Tá mé an-sásta mar tuigim conas...</li> <li>Nílím iomlán cinnte faoi. Bhí cuid de deacair dom.</li> <li>Níor thuig mé gach rud a rinneamar inniu.</li> <li>Tá mearbhall orm anois.</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ba mhaith liom dul tríd arís chun é a thuiscint níos fearr.</li> <li>Cuirfidh mé ceist ar an múinteoir faoi amárach.</li> <li>Tá fúm é a chleachtadh chun a bheith níos cinnte faoi.</li> </ul>
<p>Múinteoir/ Scoláire</p> <p><b>Clár Bán Bideach</b></p> <p>Úsáideann an scoláire an clár beag bán (ag baint leasa as scríbhneoireacht mhór) chun eolas/aiseolas nó tuairim a chur in iúl nó chun ceist a chur – is bealach simplí agus tapaídh é dul chun cinn an scoláire a fheiceáil.</p>	<p><b>Clár Bán Bideach</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i></p> <p>Mar shampla: Cén tsliú bheatha atá ag ...? Cén cineál duine é an carachtar seo? Éist leis an amhrán agus breac síos na focail a aithníonn tú.</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<p><i>I gcás an spreagthaigh ar chlé, seans go mbeadh na freagraí seo a leanas i gceist:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Is siúinéir, altra, meicneoir é/í.</li> <li>Is duine gruama, greannmhar ...é/í.</li> <li>San amhrán ar éist mé leis, d'aithin mé na focail seo a leanas....</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>Caithfidh mé staidéar a dhéanamh ar...</li> <li>Teastaíonn cabhair uaim le...</li> <li>B'fhearr liom dá mbeadh stór focal breise agam chun cur síos ar níos mó tréithe / slite beatha.</li> </ul>

<p><b>Scoláire/ Scoláire</b></p> <p><b>Obair Bheirte</b> Tugann obair bheirte deis labhartha do gach duine sa rang ag an am céanna agus cuireann sé leis na deiseanna smaointeoireachta/ machnaimh atá ag scoláirí.</p>	<p><b>Obair Bheirte</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> Cad iad na nathanna atá de dhíth chun cur síos ar an obair bheirte</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Chuir mo chara ceist orm.</li> <li>• D'fhreagair mé é/í</li> <li>• Thug mo pháirtí nod dom.</li> <li>• Phléamar X lena chéile.</li> <li>• Roinneamar X lena chéile.</li> <li>• Spreag mo chara mé chun...</li> <li>• Ar dtús bhí mé ag brath ar mo chara ach d'fhoghlaim mé go raibh ...</li> <li>• Thugamar spreagadh dá chéile agus</li> <li>• Rith sé liom go raibh...</li> </ul> <p>Oscloídh mé rannán nua i mo loga foghlama ag plé obair bheirte.</p>
<p><b>Scoláire/ Scoláire</b></p> <p><b>Obair Ghrúpa</b> Bristear an rang i ngrúpaí agus tugtar ról faoi leith do gach duine laistigh den ghrúpa. Tagann feabhas ar scileanna éisteachta agus idirghníomhaithe na scoláirí dá bharr.</p>	<p><b>Obair Ghrúpa</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> Cad iad na smaointe a rith libh agus sibh ag obair le chéile? An féidir libh iad a roinnt le chéile?</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ghlac mé ról an chathaoirleigh/urlabhraí/chumadóra/ tuairisceora/mhaoir ghramadaí.</li> <li>• D'éirigh go maith linn sa tasc.</li> <li>• Bhí gach duine páirteach san obair.</li> <li>• Chuir ... ag smaoineamh mé.</li> <li>• Chuidigh na critéir ratha linn díniú isteach ar an tasc.</li> <li>• Cheap mé go raibh tuairim X spéisiúil.</li> <li>• Chríochnaíomar in am.</li> <li>• Roinn mé mo thuairim leis an ngrúpa</li> <li>• D'aontaigh mé le... / níor aontaigh mé le...</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ní mór dúinn idirghníomhú níos fearr lena chéile.</li> <li>• Amach anseo, ba bhreá liom ról nua a ghlacadh.</li> <li>• An chéad uair eile táim chun rud éigin a rá / páirt níos gníomhaí a ghlacadh</li> </ul>
<p><b>Féinmheasúnú</b></p> <p><b>3-2-1</b></p> <p>Trí rud a d'fhoghlaim mé. Dhá rud ar chuir mé spéis iontu. Rud amháin gur gá dom díniú air.</p>	<p><b>3-2-1</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> Breac síos trí nath/smaoineamh nua, dhá rud spéisiúil agus pointe amháin eile nach bhfuilim cinnte de go fóill</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• D'fhoghlaim mé (faoi)...</li> <li>• Fuair mé amach faoi X agus tuigim anois...</li> <li>• Chuir mé le mo scileanna ríomhaireachta/taighde.</li> <li>• Bhain mé taitneamh as..</li> <li>• Tá spéis as an nua agam i...</li> <li>• Mhothaigh mé ar bís faoi ...</li> <li>• Is gá dom díniú ar an gcopail 'is'.</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Teastaíonn cabhair / cúnaimh uaim le...</li> <li>• Úsáidfídh mé struchtúr a chuala mé sa scannán i mo chuid oibre féin.</li> </ul>
<p><b>Críochnaigh an abairt</b></p> <p>Tugann an múinteoir tús abairte do scoláirí chun iad a chur ag machnamh ar a gúid foghlama.</p>	<p><b>Críochnaigh an abairt</b></p> <p><i>Spreagthach an mhúinteora:</i> Críochnaigh an abairt chun an rud a d'fhoghlaim tú a chur in iúl</p> <hr/> <p>Aidhm phearsanta amháin atá agat tar éis an cheachta seo?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An rud ba thábhachtaí / shuimiúla a d'fhoghlaim mé ná...</li> <li>• Ceist atá agam faoin tasc ná...</li> <li>• Bhain/níor bhain mé sult as seo a fhoghlaim mar...</li> <li>• Scil a d'úsáid mé ná...</li> <li>• Rud deacair faoin tasc ná...</li> <li>• Rud a chabhraigh liom foghlaim ná...</li> <li>• Chuideadh sé liom dá...</li> <li>• Nasc a chothaigh mé leis an bpobal teanga ná...</li> </ul> <hr/> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cabhraíonn tús abairte liom struchtúr a chur ar mo chuid smaointe</li> </ul>



# Machnamh sa tSonraíocht

Baineann an fhéinfheasacht i leith na foghlama teanga leis an aithne a chuireann an scoláire air féin mar fhoghlaimeoir teanga.

Bíonn gach foghlaimeoir teanga difriúil agus trí bhéim a chur ar an bhféinfheasacht i leith na foghlama teanga, díronn an scoláire ar an stíl aonair agus ar na tréithe aonair atá aige féin mar fhoghlaimeoir teanga.

Cabhraíonn sé seo go mór leis an dul chun cinn is gá dó a dhéanamh. Nuair a bhíonn deacrachtaí agus dúshláin roimhe, sáraíonn sé iad trí mhachnamh a dhéanamh ar na cúiseanna atá leo.

Déanann sé machnamh ar an dul chun cinn atá déanta agus le déanamh aige chun a bheith ina úsáideoir teanga.

Tuigeann sé a spreagthach pearsanta féin i leith úsáid na teanga le húsáideoirí eile.

Tuigeann sé conas cinntí a dhéanamh mar fhoghlaimeoir go neamhspleách ar an múinteoir agus conas féinmheasúnú a dhéanamh ar a dhul chun cinn nó ar easpa dul chun cinn sna scileanna ar fad.

**Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T2) , Lch 12**

Tuigeann sé go bhfuil straitéisí foghlama teanga ar fáil dó a chabhróidh leis deacrachtaí agus dúshláin a shárú agus a chabhróidh leis an fhoghlaim a éascú.

Baineann sé úsáid as straitéisí foghlama a oireann dó, rud a chuireann ar a chumas na dúshláin, a bhaineann le húsáid teanga chruinn shaibhir, cuir i gcás, a shárú.

Bíonn a fhios aige conas déileáil go héifeachtach le haiseolas mar fhoghlaimeoir.

# NÓTAÍ



## Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)

Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

### Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán  
Teil.: (047) 74008

### Oifig an Stiúrhóra:

BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan  
Teil.: (042) 936 4603

Féach rannán na Gaeilge ar: [www.ict.ie](http://www.ict.ie)

### Córas Giolcaireachta:

@jctGaeilge | @JCforTeachers | #JCGaeilge



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE  
for teachers